

Oifigeach Turasóireachta – Geopáirc Dhúiche Sheoigheach & Lochanna an Iarthair

Táimid ag lorg Oifigeach Turasóireachta spreagúil agus taitneamhach chun dul isteach inár bhfoireann bheag triúir i Geopáirc Dhúiche Sheoigheach & Lochanna an Iarthair.

Tá an ról seo, maoinithe ag Údarás na Gaeltachta, ag lorg duine a bheidh freagrach as margaíocht go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, imeachtaí a bhainistiú, agus dul i dteagmháil le gnólachtaí áitiúla chun tionscnaimh turasóireachta inbhuanaithe a fhorbairt. Tá líofacht sa nGaeilge de dhíth.

Áirítear ar na freagrachtaí breise turais treoraithe a fhorbairt, feachtais sóisialta agus margaíochta digití a bhainistiú, agus comhordú le hinstiúidí taighde agus cumainn gheolaíochta chun próifíl an Gheopairc a fheabhsú. Ní mór don iarrthóir rathúil a bheith solúbtha, féin-spreagtha, agus in ann oibriú ar a thionscnamh féin agus le grúpaí deonacha/pobail. Tá rannpháirtíocht i gclár oiliúna forordaithe le linn fostaíochta éigeantach. Is deis iontach é seo do dhuine a bhfuil paisean aige nó aici do thurasóireacht oidhreacht, geolaíocht, agus don Ghaeilge chun tionchar suntasach a dhéanamh i gceann de thírdhreacha is iontaí na hÉireann.

Seol ríomhphost chuig info@jcwlgeopark.ie le haghaidh sonraíochta poist. CV le litir chumhdaigh le cur isteach faoi **5:00 i.n. Dé hAoine an 12 Meán Fómhair 2025**. Beidh agallaimh d'iarratasóirí ar an ngearrliosta ar siúl Dé hAoine an 19 Meán Fómhair 2025.